(5) maidir le dé-ocsaíd charbóin:

(a) píblínte tiomnaithe, seachas gréasán píblínte in aghaidh srutha, a úsáidtear chun dé-ocsaíd charbóin a iompar ó níos mó ná foinse amháin, **[ ]** chun críche stórála buaine geolaíche dé-ocsaíde carbóin de bhun Threoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3];

(b) saoráidí chun dé-ocsaíd charbóin a leachtú agus a stóráil **[ ]** ag féachaint dá hiompar ina dhiaidh sin. **Gan dochar do na Ballstáit sin ina bhfuil toirmeasc ar stóráil gheolaíoch $CO_2$,** áirítear leis seo **freisin [ ]** bonneagar laistigh d'fhoirmíocht gheolaíoch a úsáidtear chun críche stórála buaine geolaíche dé-ocsaíde carbóin**, i gcás nach mbaintear úsáid as $CO_2$ le haghaidh aisghabháil fheabhsaithe hidreacarbón,** de bhun Threoir 2009/31/CE agus saoráidí dromchla agus insteallta a bhaineann leis sin. **Tá an bonneagar stórála geolaíche is infheidhme maidir leis an rialachán seo teoranta do na saoráidí dromchla agus insteallta gaolmhara is gá chun gur féidir $CO_2$ a iompar agus a stóráil ar bhonn trasteorann;**

(c) aon trealamh nó suiteáil atá riachtanach i gcomhair fheidhmiú cuí slán éifeachtúil an chórais i dtrácht, lena n-áirítear córais chosanta, faireacháin agus rialaithe.

[3] IO L 140, 5.6.2009, lch. 114.

